2027.M56S2T

2027L033G1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 2

# Gnó

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

Scrúduimhir

Dáta Breithe

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

## Treoracha

Tá **cúig** cheist ar an bpáipéar seo.

| | |
|---|---|
| Ceist 1 | 90 marc |
| Ceist 2 go 5 | 70 marc an ceann |

Freagair **Ceist 1** agus **trí cheist ar bith eile**.

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás breise ag deireadh cheist a haon agus i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.



Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora.  Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Tá ceist 1 éigeantach. Freagair gach cuid de.

**Ceist 1** **Saol an Ghnó** **(90 marc)**

Tá seisear leictreoirí cáilithe fostaithe ag PJ Maher, conraitheoir leictreach. Le déanaí, leathnaigh sé a shamhail ghnó. Thug sé faoi deara go raibh deis ann a chuid ábhar leictreach féin a fháil ar phraghas níos fearr agus chomh maith leis sin gníomhú mar mhórdhíoltóir do leictreoirí eile ar fud an cheantair. Tagann an gnó breise sin lena ghnó reatha a bhaineann le conraitheoireacht leictreach.

Tá seomra taispeántais agus trádstóras den chéad scoth tógtha ag PJ ar a áitreabh agus taispeántas iontach d'fheistithe solais agus d'ábhair eile ann. Tá sé sásta ligean do leictreoirí daoine a d'fhéadfadh a bheith ina gcustaiméirí a thabhairt chuig an seomra taispeántais ionas gur féidir leo breathnú ar an raon táirgí.

Tá rátáil chreidmheasa láidir ag PJ agus tar éis dó mórán machnaimh a dhéanamh, chinn sé úsáid a bhaint as meascán de thuilleamh coinnithe agus d'iasacht fhadtéarmach chun an méadú sin a mhaoiniú. Chruthaigh sé Plean Gnó agus ní hamháin gur chabhraigh sé sin leis ceadú iasachta a fháil ach chuir sé ar a chumas freisin dúshláin ghnó a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaithint. Tráth níos déanaí, d'úsáid sé an plean sin chun iarratas a dhéanamh ar Dheontas Staidéir Féidearthacha óna Oifig Fiontair Áitiúil ach bhí díomá air nár shásaigh a ghnólacht na critéir. Mar sin féin, níor stop an chéim ar gcúl sin é.

Chinn PJ veain a fháil ar cíos chun seachadtaí a dhéanamh. Le déanaí, d'iarr duine dá chuid fostaithe, Wojciech, air a ualach oibre fisiceach agus a chuid uaireanta oibre a laghdú ar chúiseanna sláinte. Tar éis dó an t-iarratas sin a bhreithniú, mhol PJ go nglacfadh Wojciech an ról mar thiománaí an veain agus go ndéanfadh sé seachadtaí na maidine a láimhseáil. Bhí Wojciech sásta leis an moladh sin agus tá sé sásta ina phost nua.

Tá áthas ar PJ go bhfuil ag éirí go maith leis an ngnólacht faoi láthair agus go bhfuil gach sprioc á baint amach de réir sceidil.

**(a)** Liostaigh **trí** cinn de pháirtithe leasmhara a bhféadfadh tionchar a bheith ag fás ghnólacht PJ le déanaí orthu.

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |

**(b)** Léiríonn PJ mórán de na hinniúlachtaí a bhaineann le nuálaithe.
Sainaithin ceann **amháin** de na hinniúlachtaí sin agus tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann léi agus gnólacht á thosú nó á leathnú.

| |
|---|
| Inniúlacht: |
| Tábhacht: |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh an chaoi ar chuir plean gnó PJ lena rath go dtí seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Thuig PJ nach raibh an t-am ná an t-eolas aige chun an rannóg mórdhíola a rith go héifeachtúil leis féin.

D'fhostaigh sé bainisteoir, Jean, chun an chuid sin den ghnólacht a rith agus d'fhostaigh sise, dá réir sin, triúr fostaithe nua a bheadh freagrach go díreach di féin. Chuir sí chuig ionad oiliúna áitiúil iad, áit ar fhoghlaim siad faoi chúram custaiméirí. Ina theannta sin, tháinig saineolaí chuig áitreabh PJ chun a thaispeáint conas na scipéid agus an córas rialaithe stoic a úsáid.

Mhol Jean do na fostaithe smaoineamh ar chlárú do chúrsa Leibhéal 6 (QQI) ar Bhainistíocht Daoine dá mbeadh spéis acu tabhairt faoi ról maoirseachta amach anseo.

**(i)** Ainmnigh agus mínigh **dhá** chineál éagsúla oiliúna is féidir a thairiscint d'fhostaithe.

| |
|---|
| Ainmnigh |
| Mínigh |
| |
| |
| |
| Ainmnigh |
| Mínigh |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach fostaithe ina gné thábhachtach de bhainistíocht caipitil dhaonna.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Tá PJ tiomanta d'Fholláine Chorparáideach.

**(i)** Sainaithin fianaise air sin ina ghnólacht.

| |
|---|
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann gnólacht as a bheith dírithe go leanúnach ar fholláine san ionad oibre.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(f)** Straitéis amháin a d'fhéadfadh PJ a úsáid chun riosca a bhainistiú is ea Árachas. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineálacha feiliúnacha árachais ar cheart do PJ iad a bhreithniú chun a ghnólacht a chosaint ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(g)** Tá taighde déanta ag PJ ar Scéim Deontais Nuálaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh (CEIGS) agus tá sé beartaithe aige cur isteach ar an deontas sin.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu an gcabhródh nó nach gcabhródh gach ceann de na samplaí seo a leanas cur leis an nheilleagar ciorclach.

| **Samplaí** | **Cabhraíonn** | **Ní chabhraíonn** |
|---|---|---|
| Seirbhís do chustaiméirí a sholáthar áit ar féidir leo earraí leictreacha úsáidte nó seanchaite a fhágáil ag a áitreabh le hathchúrsáil. | | |
| Bolgáin atá tíosach ar fhuinneamh a dhíol, cé gur gnách go mbíonn siad níos costasaí. | | |
| A phacáistiú a athrú ó chairtchlár in-athchúrsáilte go cartáin phlaisteacha aon-úsáide chun airgead a shábháil. | | |

Spás breise do fhreagraí ar Cheist 1.
Lipéadaigh gach cuid go soiléir.

**Freagair trí cheist ar bith as ceisteanna 2,3,4 nó 5.**

**Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ceist 2** **(70 marc)**

**(a)** Roghnaigh na focail chearta ón liosta thíos chun na bearnaí a líonadh.
(tá focal amháin ann nach mbeidh in úsáid)

| | | |
|---|---|---|
| mídhleathach | Eorpach | gnólachtaí |

Is éard atá i gceist le gníomhaíocht scáthgheilleagair ná go mbíonn ________________ nó daoine aonair páirteach in idirbhearta atá ________________ mar nach bhfuil siad ag gníomhú de réir na reachtaíochta nó de réir cheanglais tuairiscithe an rialtais.

**(b)** Déanann 78% de thomhaltóirí airgead nó íocaíochtaí a bhainistiú agus úsáid á baint acu as gléasanna móibíleacha.



Úsáid na teicneolaíochta chun seirbhísí airgeadais agus táirgí a sholáthar do thomhaltóirí is ea teicneolaíocht an airgeadais (*Fintech i mBéarla*).

Tabhair breac-chuntas ar thairbhe **amháin** agus ar dhúshlán **amháin** a bhaineann le teicneolaíocht an airgeadais i gcás tomhaltóirí.

| |
|---|
| Tairbhe: |
| |
| |
| |
| |
| Dúshlán: |
| |
| |
| |
| |


**(c)** Seo thíos trí tháscaire eacnamaíocha. Roghnaigh **ceann amháin** díobh siúd agus mínigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhorbairt agus ar fhás an ghnó in Éirinn.

- Boilsciú
- Rátaí Fostaíochta / Dífhostaíochta
- Rátaí Úis

| Táscaire: |
|---|
| Míniúchán (an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhás agus ar fhorbairt an ghnó in Éirinn): |
| |
| |
| |
| |

**(d)** **Samhail Cúig Fhórsa Porter**

Na Cúig Fhórsa a Mhúnlaíonn Iomaíocht sa Tionsclaíocht




Ainmnigh an **dá** fhórsa atá ar iarraidh ón léaráid. Scríobh do chuid freagraí sa spás thíos.

| |
|---|
| |
| |

**(e)** D'iarr 70% de na fostaithe i ngnólacht beag aistriú go samhail hibrideach oibre a ligfeadh dóibh a bheith ag obair ón mbaile dhá lá sa tseachtain.



Ba mhaith lena mbainisteoir an t-athrú sin a fheidhmiú ach níl an bainisteoir cinnte an mbeadh sé chun leas na heagraíochta ar an iomlán.

Déanann an gnólacht **Anailís Réimse Fórsa** chun cabhrú leis cinneadh a dhéanamh.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu an fórsa spreagtha nó srianta atá i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

**ANAILÍS RÉIMSE FÓRSA**

| **Aistriú go samhail hibrideach oibre ...** | **Fórsa Spreagtha** | **Fórsa Srianta** |
|---|---|---|
| d'fhéadfadh sé go mothódh fostaithe scoite mar gheall air | | |
| d'fhéadfadh sé gur mó an dóchúlacht go dtarlódh sáruithe ar rúndacht mar gheall air | | |
| d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair monatóireacht a dhéanamh ar tháirgiúlacht fostaithe mar gheall air | | |
| dhéanfadh sé gné den Chlár Folláine Corparáidí a chomhlíonadh | | |

**(f)** Bunaithe ar an reachtaíocht fostaíochta reatha, liostaigh **ceithre** fhoras ar a bhfuil leithcheal mídhleathach.

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |

**(g)**




**(i)** Sainaithin an spriocmhargadh atá beartaithe don chluiche atá fógartha thuas. Cosain do fhreagra.

| |
|---|
| An Spriocmhargadh: |
| Cosain: |
| |
| |
| |


**(ii)** Ba cheart go mbeadh tionchar láidir ag an spriocmhargadh ar an gcumasc margaíochta.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an spriocmhargadh le ahaghaidh táirge nó seirbhíse ar ghné an Phromóisin den chumasc margaíochta.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(70 marc)**

**(a)** **(i)** Líon isteach na Cúig Ghné eile den chumasc margaíochta. (Tá dhá cheann déanta duit.)




**(ii)** Is féidir **Anailís STEEPLE** a úsáid chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag tosca seachtracha ar ghnólacht.
Ón liosta thíos, scríobh ainm na gné taobh leis an toisc is fearr a mheaitseálann í.
(Tá dhá cheann comhlánaithe duit.)

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sóisialta | Teicneolaíoch | ~~Eacnamaíoch~~ | Comhshaol | ~~Polaitiúil~~ | Dlíthiúil | Eiticiúil |

| Tosca | Ainm na gné |
|---|---|
| Cánachas/caiteachas rialtais/polasaithe trádála/cobhsaíocht rialtais. | ***Polaitiúil*** |
| Athruithe ar stíl mhaireachtála/dáileadh ioncaim/faisean/treochtaí. | |
| Lorg carbóin/bagairtí ó imeachtaí nádúrtha/diúscairt dramhaíola. | |
| Athruithe ar chumas agus ar raon TF agus idirlín/aireagáin nua. | |
| Rátaí boilscithe/rátaí malairte/muinín agus cumhacht chaithimh an tomhaltóra. | ***Eacnamaíoch*** |
| Rúndacht cliant/luachanna corparáideacha/cothroime/comhionannas/folláine. | |
| Reachtaíocht maidir le tomhaltóirí agus fostaithe/rialachas corparáideach. | |

**(b)**

**D'infheistigh Fiontraíocht Éireann €24 milliún i ngnólachtaí nuathionscanta in 2023**




Gníomhaireacht stáit is ea Fiontraíocht Éireann a thacaíonn le forbairt agus fás gnólachtaí Éireannacha.

**(i)** Ainmnigh gníomhaireacht stáit **amháin** eile, a thacaíonn le gnó agus fiontraíocht in Éirinn.

**(ii)** Mínigh an chaoi a dtacaíonn an infheistíocht de €24 milliún le gnólachtaí nuathionscanta in Éirinn.

**(c)** I mí Aibreáin 2024, thuairiscigh Nuacht RTÉ go raibh Cumann na nOibrithe Cumarsáide (CWU) ag bagairt gníomhaíocht thionsclaíoch sa chuideachta chúiréara DPD Ireland.

"Chuir an cumann i leith na cuideachta gur diúltaíodh plé le hoibrithe ina hiosta i gContae an Chláir maidir le haitheantas a thabhairt don chumann."

**Bagraíonn CWU gníomhaíocht thionsclaíoch in DPD Ireland**




Le Brian O'Donovan
Comhfhreagraí Oibre & Teicneolaíochta NUACHT RTÉ

**(i)** An bhfuil sé de cheart ag fostaithe in Éirinn ballraíocht a ghlacadh i gceardchumann? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun do fhreagra a chur in iúl.

Tá ☐ Níl ☐

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ina dtacaíonn ceardchumainn le fostaithe san ionad oibre.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tá roinnt tionscnamh curtha i gcrích ag an racbhanna Briotanach, Coldplay chun a gcuid astaíochtaí carbóin díreacha a laghdú.




Thug an banna isteach rothair chumhachta agus urláir dhamhsa chinéiteacha ionas go bhféadfadh lucht freastail na gceolchoirmeacha cabhrú leis an ócáid a chumhachtú agus a bheith mar chuid d'eispéireas inbhuanaitheachta.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thairbhe a bhaineann Coldplay as tionscnaimh inbhuanaitheachta a chuimsiú ina gcuid pleanála.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(e)**

**D'athraigh ballraíocht san AE an saol in Éirinn ó bhonn le 50 bliain anuas**



Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann gnólachtaí Éireannacha as ballraíocht na hÉireann san AE.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(70 marc)**

**(a)** Anailís ar Réamhaisnéis Sreafa Airgid

Déan staidéar ar an réamhaisnéis sreafa airgid le haghaidh Óst Radharc an Locha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

| RÉAMHAISNÉIS SREAFA AIRGID, ÓST RADHARC AN LOCHA, 2025 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **EAN** | **FEAB** | **MÁR** | **AIB** | **IOMLÁN** |
| **FÁLTAIS** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Díolacháin Seomra | 18,000 | 23,000 | 22,000 | 30,000 | **93,000** |
| Díolacháin Bhia agus Deochanna | 8,000 | 10,000 | 11,000 | 15,000 | **44,000** |
| Eile | 5,000 | 6,000 | 5,500 | 8,000 | **24,500** |
| **IOMLÁN NA bhFÁLTAS** | **31,000** | **39,000** | **38,500** | **53,000** | **161,500** |
| | | | | | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | | | | |
| Ceannacháin | 14,000 | 18,000 | 16,500 | 22,000 | **70,500** |
| Pá | 10,500 | 13,000 | 11,500 | 16,000 | **51,000** |
| Ceannach Trealaimh | - | - | 36,000 | - | **36,000** |
| Eile | 4,000 | 6,000 | 3,000 | 6,000 | **19,000** |
| **IOMLÁN NA nÍOCAÍOCHTAÍ** | **28,500** | **37,000** | **67,000** | **44,000** | **176,500** |
| | | | | | |
| **GLANMHÉID AIRGID** | **2,500** | **2,000** | **(28,500)** | **9,000** | **(15,000)** |
| **AIRGEAD TOSAIGH** | **500** | **3,000** | **5,000** | **(23,500)** | **500** |
| **AIRGEAD DEIRIDH** | **3,000** | **5,000** | **(23,500)** | **(14,500)** | **(14,500)** |

**(i)** Cén mhí a bhfuiltear ag súil go mbeidh an barrachas airgid deiridh is airde ann?

**(ii)** Cad iad na míonna a bhfuiltear ag súil go mbeidh easnamh airgid deiridh ann?

**(iii)** Dar leis an réamhaisnéis, cad a aithnítear mar phríomhchúis leis an easnamh sin?

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa comhairle a thabharfá do bhainisteoir Óst Radharc an Locha maidir le bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an airgead chun an t-easnamh sin a chosc.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Taispeánann ball foirne in Óst Radharc an Locha a d(h)uillín pá seachtainiúil duit. Tá imní air/uirthi go mbeidh tionchar ag athruithe a rinne an rialtas agus an buiséad náisiúnta á fhógairt acu ar a g(h)lanphá.
Cuir comhairle ar an mball foirne faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe seo a leanas ar a g(h)lanphá. Tabhair cúis le do fhregra.

| **Beart Buiséid** | **Tionchar ar Ghlanphá** |
|---|---|
| Méadú ar chreidmheasanna cánach pearsanta | Tionchar: |
| | Cúis: |
| | |
| Méadú ar ráta MSU | Tionchar: |
| | Cúis: |
| | |

**(c)** Tá úinéir Óst Radharc an Locha ag feidhmiú mar thrádálaí aonair faoi láthair ach tá an t-úinéir ag smaoineamh ar athrú go dtí cuideachta phríobháideach theoranta.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le hathrú ó thrádálaí aonair go dtí cuideachta theoranta phríobháideach.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

Tá sé beartaithe ag úinéir Óst Radharc an Locha imeachtaí neartaithe foirne a óstáil le haghaidh eagraíochtaí áitiúla. Measann an t-úinéir go bhfuil éileamh ar sheirbhís dá leithéid agus go bhfuil ionad foirfe ag an óst agus é gar don loch le haghaidh gníomhaíochtaí faoi dhíon agus amuigh faoin aer.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann eagraíocht as obair foirne.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Bhí aiféala ar mhórán gnólachtaí nach raibh pleananna teagmhais i bhfeidhm acu nuair a bhuail Stoirm Eowyn Éire i mí Eanáir 2025.

Mínigh an téarma pleanáil teagmhais.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(f)** Pléigh toisc **amháin** ba cheart a bhreithniú agus plean teagmhais á fhorbairt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(70 marc)**

**(a)**

PlayStation

Nuair a smaoinigh Ken Kutaragai, innealtóir in Sony, ar chonsól cluichí a chruthú a bheadh inchurtha le Nintendo agus Sega, cuireadh ina choinne i dtús báire laistigh den chuideachta. Sa deireadh, chuir sé ina luí ar Sony an tionscadal a mhaoiniú agus bhí rath ar an Sony PlayStation láithreach nuair a seoladh é in 1994.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun do fhreagra a chur in iúl.

Sampla de cheann acu seo a leanas is ea an téacs thuas:

| | |
|---|---|
| Fiontraíocht | ☐ |
| Geilleagar ciorclach | ☐ |
| Infhiontraíocht | ☐ |

**(b)** Déan an cás seo a leanas a bhreithniú:

Cheannaigh tú consól cluichí ó mhiondíoltóir áitiúil. Nuair a thriail tú cluiche a imirt, áfach, ní raibh cuid d'fheidhmeanna an rialtáin ag obair.

**(i)** Bunaithe ar an reachtaíocht tomhaltais reatha, Mínigh **dhá** chineál cúitimh chun an cás sin a chur ina cheart.


| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** An bhfuil na cearta tomhaltóra céanna agat má cheannaíonn tú an consól lasmuigh den AE?

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun do fhreagra a chur in iúl.

Tá ☐ Níl ☐

**(c)**




**(i)** Cé mhéad aonad den PS2 a díoladh sa bhreis ar an PS4?

| Do chuid oibre: | Freagra: |
|---|---|
| | |

**(ii)** Déan anailís ar **dhá** thairbhe a bhaineann le cumarsáid neamhbhriathartha (mar bharrachairt) a úsáid le haghaidh gnólachta.

| Tairbhe 1: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| Tairbhe 2: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Sa tábla seo a leanas is liosta d'ábhair thaighde atá i gcolún 1 agus is liosta de láithreáin ghréasáin mar fhoinsí eolais atá i gcolún 2.

| Colún 1: ÁBHAR TAIGHDE | | Colún 2: FOINSE EOLAIS | |
|---|---|---|---|
| **1** | Mo theidlíochtaí saoire mar fhostaí. | **A** | www.cso.ie |
| **2** | Mo chearta tomhaltóra maidir le hearraí lochtacha. | **B** | www.workplacerelations.ie |
| **3** | Na príomhfhoinsí ioncaim don Aontas Eorpach. | **C** | www.ccpc.ie |
| **4** | Creidmheasanna cánach pearsanta atá ar fáil d'oibrithe in Éirinn. | **D** | www.european-union.europa.eu |
| **5** | An ráta míosúil dífhostaíochta is deireanaí d'Éirinn. | **E** | www.revenue.ie |

**(i)** Cuir litir na foinse eolais is oiriúnaí faoi uimhir an ábhair thaighde chuí thíos chun an dá liosta a mheaitseáil.
(Tá ceann amháin déanta duit.)

| ÁBHAR TAIGHDE | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **FOINSE EOLAIS** | B | | | | |

**(ii)** Nuair a bhíonn taighde ar líne déanta agat, sainaithin **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do chuid torthaí a dheimhniú.

| |
|---|
| 1 |
| |
| 2 |
| |

**(e)** Dar leis an suíomh gréasáin fostaíochta, Indeed.ie, nuair a dhéantar go rathúil é, d'fhéadfadh an fórsa oibre a bheith níos spreagtha agus níos díograisí mar thoradh ar bhreithmheas fostaí.

**(i)** Mínigh an téarma breithmheas fostaí.

**(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh an fórsa oibre a bheith níos spreagtha agus níos díograisí mar thoradh ar phróiseas éifeachtach maidir le breithmheas fostaí.

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Admhálacha

Íomhánna

Lch. 3: Stock images, Microsoft Word, Office 365.
Lch. 10: www.centralbank.ie
Lch. 11: Harvard Business Review Magazine.
Lch. 12: Stock images, Microsoft Word, Office 365.
Lch. 13: https://www.smythstoys.com/
Lch. 14: State Examinations Commission
Lch. 15: https://www.rte.ie/news/business/2024/0514/1448947-enterprise-ireland-invested-24-million-in-start-ups/
Lch. 16: https://www.rte.ie/news/business/2024/0418/1444249-cwu-threatens-industrial-action-at-dpd-ireland/
Lch. 17: https://coldplay.com/emissions-update/
Lch. 18: https://www.rte.ie/news/2023/0101/1344093-eu-50-years-ireland/
Lch. 19: State Examinations Commission
Lch. 23: https://www.playstation.com/en-ie/
Lch. 25: https://www.statista.com/chart/18903/video-game-console-sales/

Téacs

Lch. 10: https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/discussion-papers/discussion-paper-7/mabs-response-to-dp7.pdf?sfvrsn=2
Lch. 16: https://www.rte.ie/news/business/2024/0418/1444249-cwu-threatens-industrial-action-at-dpd-ireland/
Lch. 17: https://coldplay.com/emissions-update/
Lch. 23: https://forummagazine.org/6-famous-examples-of-intrapreneurship/

D'fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gnó

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad